Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2023
(OR. en)

8314/23
ADD 1

LIMITE

INF 70
API 57

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8310/23; 8313/23; 8314/23 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid<br>- Iarratas dearbhúcháin Uimh. 07/c/01/23<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón bhFionlainn**

Leagann an Fhionlainn béim ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a bhaint amach idir rochtain ar dhoiciméid agus cosaint phríobháideachas agus shláine an duine aonair i ndoiciméid oifigiúla. Níor cheart tairseach ró-ard a shocrú don Iarratasóir chun údar a thabhairt leis an ngá atá le leas dlisteanach sáraitheach poiblí i ndáil le sonraí pearsanta a scaoileadh, nó gur gá aistriú den sórt sin a dhéanamh le haghaidh cuspóir sonrach ar mhaithe le leas an phobail. Ina theannta sin, agus an chothromaíocht sin á baint amach, tá sé tábhachtach freisin a chur in iúl don iarratasóir go bhfuil sé de dhualgas air nó uirthi údar cuí a thabhairt leis an ngá atá leis an aistriú sin. Measann an Fhionlainn, ós rud é gur dealraitheach nár cuireadh comhairle ar an iarratasóir maidir lena oibleagáid nó lena hoibleagáid údar a thabhairt leis an iarraidh ó thaobh na réamhriachtanas a eascraíonn as rialacha cosanta sonraí, nár baineadh an chothromaíocht idir an dá leas amach i gceart agus an iarraidh á láimhseáil agus, dá bhrí sin, nach féidir léi aontú leis an dréachtfhreagra.